**Máire Ní Ghríofa**

Is chaith mé an bhliain anuradh leat mar bhí mé óg gan chiall,
Do do mhealladh is do do bhréagadh, 's do dhéanadh amach dom féin,
Ní raibh droch-mheas agam ar d'family ná mímheas agam ort féin,
Ach dheamhain a bpósfadh mise tú go bhfaighidh tú tuilleadh spré.

'S nach iomaí maidin Domhnaigh a chaith mé súgach maith go leor,
Ag dul soir le mo luichtín móna is dhá chúrsa agam ar an seol,
Níor ghéill mé 'riamh do mhúr ar bith do fharraige ná do cheo,
Nó go dtéinnse ag caint le plúr na mban bhíodh romham 'san mbaile mór.

Is mo ghrá thú 'Mháire Ní Ghríofa is tú is míne ná na mná
Níor iarr mé 'riamh an craigín ort nach líonfá suas an cárt
Nuair a shílfinn a dhul dhá íoc leat ní dhéanfá fúm ach greann,
ach mo ghrá-sa ní scarfadh go héag leat go dtí an Geimhridh thréis mo bháis

Dá bhfeictheá bád chlann Dhonncha gach lá dhá dtéann sí 'un seóil
Phlúchadh sí an fharraige 's ní fhliuchfadh sí ceann seóil
Bheadh tús ar chuile gheall aici nuair a thagadh an lá mór
Is go ndíolfainn mo luichtín móna, 's mé ag comhrá le mo stór.

Nuair a imeos mé as an tír seo 's nuair a fhágfadh mise an bád
Caithfidh mé oíche i Muighinis is dhá oíche sa Trá Bháin
Ó siúlfidh mé thart sna Liberties is anonn faoi Chondae an Chláir
'S mura bpósfaidh Máire Ní Ghríofa mé, ní fhillfidh mé go brách.

**Neasa agus Éadaoin Nic Dhonncha SNCL2006**